Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 4 Márta 2024
(OR. en)

7211/24

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0370(COD)**

CODEC 643
COMPET 253
BETREG 12
ENT 48
MI 237
PECHE 90
PE 41

**NÓTA FAISNÉISE**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1379/2013, Rialachán (AE) Uimh. 167/2013 agus Rialachán (AE) Uimh. 168/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ceanglais tuairiscithe áirithe<br>– An toradh ar chéad léamh Pharlaimint na hEorpa (Strasbourg, an 26 go dtí an 29 Feabhra 2024) |

## I. RÉAMHRÁ

An 28 Feabhra 2024, dhearbhaigh Coiste na mBuanionadaithe, dá bhformheasfadh Parlaimint na hEorpa an togra thuasluaite ón gCoimisiún gan aon leasú a dhéanamh air, go bhformheasfadh an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa.

An 29 Eanáir 2024, thíolaic an Cathaoirleach, Anna CAVAZZINI (Na Glasaigh/SCE, DE), tuarascáil thar ceann an Choiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra (IMCO), agus é mar aidhm aici dul i gceannas ar an togra ón gCoimisiún.

## II. VÓTÁIL

Ghlac an Pharlaimint an seasamh uaithi ar an gcéad léamh an 28 Feabhra 2024 trí dhul i gceannas ar an togra ón gCoimisiún. Tá an seasamh sin le fáil ina rún reachtach.

Dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh an Chomhairle in ann an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa a fhormheas, agus leis sin an chéad léamh a thabhairt chun críche don dá Institiúid.

D'fhéadfaí an gníomh reachtach a ghlacadh ina dhiaidh sin san fhoclaíocht a fhreagraíonn don seasamh ó Pharlaimint na hEorpa.

## P9_TA(2024)0103

## Ceanglais tuairiscithe

**Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 28 Feabhra 2024 ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1379/2013, Rialachán (AE) Uimh. 167/2013 agus Rialachán (AE) Uimh. 168/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ceanglais tuairiscithe áirithe (COM(2023)0643 – C9-0388/2023 – 2023/0370(COD))**

**(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2023)0643),

– ag féachaint d'Airteagal 294(2) agus d'Airteagail 43(2) agus 114 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C9-0388/2023),

– ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do thuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 13 Nollaig 2023[1],

– ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra (A9-0009/2024),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh, lena nglacann sí ceannas ar thogra an Choimisiúin;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

[1] Nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil.